# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

# C 145

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

1 Aibreán 2022


Clár


II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 145/01 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10613 – PORSCHE AUSTRIA / WOLFGANG DENZEL AUTO / SAUBERMACHER DIENSTLEISTUNG / JV) ([1]) ..... 1

2022/C 145/02 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10644 – TOWERBROOK CAPITAL PARTNERS / NEW MOUNTAIN CAPITAL / CLOUDMED SOLUTIONS / R1 RCM) ([1]) ..... 2

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 145/03 Rátaí malairte an euro — 31 Márta 2022 ..... 3

2022/C 145/04 Coimisiún Riaracháin na gComhphobal Eorpach um Shlándáil Shóisialta d'Oibrithe Imirceacha — Rátaí le haghaidh comhshó airgeadraí de bhun Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 ón gComhairle ..... 4

2022/C 145/05 Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid *(foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006)* ([1]) ..... 6

2022/C 145/06 Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht ..... 7

2022/C 145/07 Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht ..... 8


GA

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

2022/C 145/08 Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht ..... 9

2022/C 145/09 Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht ..... 10

2022/C 145/10 Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht ..... 11

**An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

2022/C 145/11 Achoimre ar Thuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí i leith an Togra le haghaidh Rialacháin maidir le trédhearcacht agus díriú na fógraíochta polaitiúla *(Tá téacs iomlán na Tuairime seo le fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis ar shuíomh gréasáin an MECS www.edps.europa.eu)* ..... 12

---

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 145/12 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10689 – OCP GROUP / KOCH INDUSTRIES / JORF FERTILIZER COMPANY) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) ..... 15

2022/C 145/13 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10218 – GAUSELMANN/GREENTUBE/JV) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) ..... 17

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

## (Cás M.10613 – PORSCHE AUSTRIA / WOLFGANG DENZEL AUTO / SAUBERMACHER DIENSTLEISTUNG / JV)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 145/01)

An 21 Márta 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10613. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**

**(Cás M.10644 – TOWERBROOK CAPITAL PARTNERS / NEW MOUNTAIN CAPITAL / CLOUDMED SOLUTIONS / R1 RCM)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 145/02)

An 29 Márta 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— I roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10644. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Rátaí malairte an euro** [1]

**31 Márta 2022**

(2022/C 145/03)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 1,1101 | CAD | dollar Cheanada | 1,3896 |
| JPY | yen na Seapáine | 135,17 | HKD | dollar Hong Cong | 8,6918 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4379 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,6014 |
| GBP | punt steirling | 0,84595 | SGD | dollar Shingeapór | 1,5028 |
| SEK | krona na Sualainne | 10,3370 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 347,37 |
| CHF | franc na hEilvéise | 1,0267 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 16,1727 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 142,00 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 7,0403 |
| NOK | krone na hIorua | 9,7110 | HRK | kuna na Cróite | 7,5740 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | IDR | rupiah na hIndinéise | 15 947,00 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 24,375 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,6677 |
| HUF | forint na hUngáire | 369,77 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 57,514 |
| PLN | zloty na Polainne | 4,6531 | RUB | rúbal na Rúise | |
| RON | leu na Rómáine | 4,9463 | THB | baht na Téalainne | 36,911 |
| TRY | lira na Tuirce | 16,2823 | BRL | real na Brasaíle | 5,3009 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,4829 | MXN | peso Mheicsiceo | 22,0903 |
| | | | INR | rúipí na hIndia | 84,1340 |

(1) *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

**COIMISIÚN RIARACHÁIN NA GCOMHPHOBAL EORPACH UM SHLÁNDÁIL SHÓISIALTA D’OIBRITHE IMIRCEACHA**

**Rátaí le haghaidh comhshó airgeadraí de bhun Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 ón gComhairle**

(2022/C 145/04)

Airteagal 107(1), (2) agus (4) de Rialachán (CEE) Uimh. 574/72

Tréimhse thagartha: Eanáir 2022

Tréimhse cur i bhfeidhm: Aibreán, Bealtaine agus Meitheamh 2022

| janv-22 | EUR | BGN | CZK | DKK | HRK | HUF | PLN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 EUR = | 1 | 1,95580 | 24,4700 | 7,44106 | 7,52472 | 358,680 | 4,55220 |
| 1 BGN = | 0,511300 | 1 | 12,5115 | 3,80461 | 3,84739 | 183,393 | 2,32754 |
| 1 CZK = | 0,0408663 | 0,0799263 | 1 | 0,304088 | 0,307507 | 14,6579 | 0,186031 |
| 1 DKK = | 0,134390 | 0,262839 | 3,28852 | 1 | 1,01124 | 48,2029 | 0,611767 |
| 1 HRK = | 0,132895 | 0,259917 | 3,25195 | 0,988882 | 1 | 47,6670 | 0,604965 |
| 1 HUF = | 0,00278800 | 0,00545276 | 0,0682224 | 0,020746 | 0,0209789 | 1 | 0,0126915 |
| 1 PLN = | 0,219674 | 0,429639 | 5,37544 | 1,63461 | 1,65299 | 78,7929 | 1 |
| 1 RON = | 0,202208 | 0,395479 | 4,94804 | 1,50464 | 1,52156 | 72,5281 | 0,920491 |
| 1 SEK = | 0,096545 | 0,188822 | 2,36246 | 0,718396 | 0,726473 | 34,6288 | 0,439491 |
| 1 GBP = | 1,19756 | 2,34218 | 29,3043 | 8,91108 | 9,0113 | 429,540 | 5,45151 |
| 1 NOK = | 0,099930 | 0,195444 | 2,44530 | 0,743588 | 0,751949 | 35,8431 | 0,454903 |
| 1 ISK = | 0,00684530 | 0,0133880 | 0,167505 | 0,0509362 | 0,0515089 | 2,45527 | 0,031161 |
| 1 CHF = | 0,961468 | 1,88044 | 23,5272 | 7,15434 | 7,23478 | 344,860 | 4,37679 |

| janv-22 | RON | SEK | GBP | NOK | ISK | CHF |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 EUR = | 4,94540 | 10,35788 | 0,835034 | 10,00696 | 146,086 | 1,04008 |
| 1 BGN = | 2,52858 | 5,29598 | 0,426953 | 5,11655 | 74,6936 | 0,531791 |
| 1 CZK = | 0,202100 | 0,423288 | 0,034125 | 0,408947 | 5,96998 | 0,0425041 |
| 1 DKK = | 0,664610 | 1,39199 | 0,112220 | 1,34483 | 19,6324 | 0,139775 |
| 1 HRK = | 0,657221 | 1,37651 | 0,1109721 | 1,32988 | 19,4141 | 0,138221 |
| 1 HUF = | 0,0137878 | 0,0288777 | 0,00232807 | 0,0278994 | 0,407286 | 0,00289973 |
| 1 PLN = | 1,086377 | 2,27536 | 0,183435 | 2,19827 | 32,0913 | 0,228478 |
| 1 RON = | 1 | 2,09445 | 0,168851 | 2,02349 | 29,5397 | 0,210312 |
| 1 SEK = | 0,477453 | 1 | 0,0806182 | 0,96612 | 14,1038 | 0,100414 |
| 1 GBP = | 5,92239 | 12,4041 | 1 | 11,9839 | 174,946 | 1,24555 |
| 1 NOK = | 0,494196 | 1,035068 | 0,0834453 | 1 | 14,5984 | 0,103935 |
| 1 ISK = | 0,033853 | 0,070903 | 0,00571605 | 0,0685006 | 1 | 0,00711963 |
| 1 CHF = | 4,75484 | 9,95877 | 0,802858 | 9,62137 | 140,457 | 1 |

Foinse: BCE

*Nóta:* na trasrátaí uile lena mbaineann ISK, ríomhtar iad agus úsáid á baint as sonraí ráta maidir le ISK/EUR ó Bhanc Ceannais na hÍoslainne

| tagairt: janv-22 | 1 EUR san airgeadra náisiúnta | 1 aonad den airgeadra náisiúnta in EUR |
|---|---|---|
| BGN | 1,95580 | 0,511300 |
| CZK | 24,4700 | 0,0408663 |
| DKK | 7,44106 | 0,134390 |
| HRK | 7,52472 | 0,132895 |
| HUF | 358,680 | 0,00278800 |
| PLN | 4,55220 | 0,219674 |
| RON | 4,94540 | 0,202208 |
| SEK | 10,35788 | 0,096545 |
| GBP | 0,835034 | 1,19756 |
| NOK | 10,00696 | 0,099930 |
| ISK | 146,086 | 0,00684530 |
| CHF | 1,04008 | 0,961468 |

Foinse: BCE

*Nóta:* Rátaí ISK/EUR bunaithe ar shonraí ó Bhanc Ceannais na hÍoslainne

1. Cinntear le Rialachán (CEE) Uimh. 574/72, maidir leis an ráta chun méideanna arna n-ainmniú in airgeadra eile a chomhshó go hairgeadra, gurb é a bheidh sa ráta sin an ráta a ríomhfaidh an Coimisiún agus a bheidh bunaithe ar mheán míosúil, le linn na tréimhse thagartha a shonraítear i mír 2, rátaí malairte tagartha na n-airgeadraí, arna bhfoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach.

2. Is í seo a leanas an tréimhse thagartha:

    — mí Eanáir maidir le rátaí comhshó is infheidhme ón 1 Aibreán ina dhiaidh sin,

    — mí Aibreáin maidir le rátaí comhshó is infheidhme ón 1 Iúil ina dhiaidh sin,

    — mí Iúil maidir le rátaí comhshó is infheidhme ón 1 Deireadh Fómhair ina dhiaidh sin,

    — mí Dheireadh Fómhair maidir le rátaí comhshó is infheidhme ón 1 Eanáir ina dhiaidh sin.

Foilseofar na rátaí le haghaidh airgeadraí a chomhshó sa dara *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C) de mhí Feabhra, mí na Bealtaine, mí Lúnasa agus mí na Samhna.

**Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid**

*(foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006* [1]*)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 145/05)

**Cinneadh lena ndeonaítear údarú**

| Tagairt an chinnidh [1] | Dáta an chinnidh | Ainm na substainte | Sealbhóir an údaraithe | Uimhir an údaraithe | Úsáid údaraithe | Dáta éaga na tréimhse athbhreithnithe | Na cúiseanna atá leis an gcinneadh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *C(2022) 1789* | *25 Márta 2022* | 4-Naoinilfeanól, brainseach agus líneach, eatocsailithe (4-NPnEO)<br>Uimh. CE: -, Uimh. CAS:- | Cytiva Sweden AB, Björkgatan 30, BA1-1, 75 184 Uppsala, an tSualainn | REACH/22/9/0 | Úsáid thionsclaíoch eiblitheoirí ina bhfuil 4-NPnEO chun roisíní crómatagrafaíochta arna n-úsáid ag an tionscal bithchógaisíochta, ag earnáil an bhia agus na dí agus ag an saol acadúil a mhonarú | 4 Eanáir 2033 | I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, is mó na sochair shocheacnamaíocha ná an riosca do shláinte an duine agus don chomhshaol de bharr úsáidí na substainte agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann atá oiriúnach. |

[1] Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Authorisation (europa.eu)

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1

**Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht**

(2022/C 145/06)



*Aghaidh náisiúnta an bhoinn nua chomórtha 2 euro atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht agus arna eisiúint ag an Iodáil*

Tá stádas dlíthairisceana ar fud an limistéir euro ag boinn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht. Foilsíonn an Coimisiún tuairisc ar dhearadh na mbonn nua uile chun an pobal agus na páirtithe uile a úsáideann na boinn a chur ar an eolas ([1]). I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 10 Feabhra 2009 ([2]), ceadaítear do na Ballstáit sa limistéir euro agus do thíortha a bhfuil comhaontú airgeadaíochta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le boinn euro a eisiúint, ceadaítear dóibh boinn chomórtha euro a eisiúint, boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe nach n-úsáidtear ach an ainmníocht 2-euro. Is ionann na saintréithe teicniúla a bhíonn ag na boinn sin agus na saintréithe a bhíonn ag boinn 2-euro eile, ach tá dearadh comórtha ar a n-aghaidh náisiúnta, dearadh lena mbaineann siombalachas nach beag ó thaobh an náisiúin agus na hEorpa de.

**Tír is eisitheoir**: An Iodáil

**Ábhar an chomórtha**: Comóradh 170 bliain ar bhunú Phóilíní Náisiúnta na hIodáile

**Tuairisc ar an dearadh**: Sa dearadh, léirítear beirt oifigeach de "Polizia di Stato" (Fórsa Póilíneachta Náisiúnta na hIodáile), bean agus fear, agus iad ina seasamh chun tosaigh, os comhair gluaisteán póilíní. Os a gcionn, feictear an inscríbhinn "POLIZIA DI STATO" i gcruth stua; tá "RI" le feiceáil ar dheis, acrainm Phoblacht na hIodáile; tá an inscríbhinn "R", lena sainaithnítear Mionta na Róimhe, túslitreacha "AM" an dearthóra Annalisa Masini agus na dátaí "1852 - 2022", le feiceáil ar chlé, sa lár agus ar dheis, faoi seach.

Taispeántar 12 réalta bhratach an Aontais ar fháinne amuigh an bhoinn.

**Líon measta na mbonn atá le heisiúint**: 3 000 000

**Dáta eisiúna**: Eanáir 2022

([1]) Féach IO C 373, 28.12.2001, lgh. 1 le haghaidh aghaidh náisiúnta na mbonn uile a eisíodh in 2002.

([2]) Féach conclúidí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 10 Feabhra 2009 agus an Moladh ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le haghaidh náisiúnta agus eisiúint bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (IO L 9, 14.1.2009, lgh. 52).

**Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht**

(2022/C 145/07)




*Aghaidh náisiúnta an bhoinn nua chomórtha 2-euro atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht agus arna eisiúint ag an tSlóivéin*

Tá stádas dlíthairisceana ar fud an limistéir euro ag boinn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht. Foilsíonn an Coimisiún tuairisc ar dhearadh na mbonn nua uile chun an pobal agus na páirtithe uile a úsáideann na boinn a chur ar an eolas ([1]). I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 10 Feabhra 2009 ([2]), ceadaítear do na Ballstáit sa limistéir euro agus do thíortha a bhfuil comhaontú airgeadaíochta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le boinn euro a eisiúint, ceadaítear dóibh boinn chomórtha euro a eisiúint, boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe nach n-úsáidtear ach an ainmníocht 2-euro. Is ionann na saintréithe teicniúla a bhíonn ag na boinn sin agus na saintréithe a bhíonn ag boinn 2-euro eile, ach tá dearadh comórtha ar a n-aghaidh náisiúnta, dearadh lena mbaineann siombalachas nach beag ó thaobh an náisiúin agus na hEorpa de.

**Tír is eisitheoir**: An tSlóivéin

**Ábhar an chomórtha**: Comóradh 150 bliain ar bhreith an ailtire Jože Plečnik

**Tuairisc ar an dearadh**: Sa dearadh, léirítear íomhá de mhórfhuinneog sheomra léitheoireachta de chuid na leabharlainne Náisiúnta agus de chuid na hOllscoile agus colún os a comhair. Cuirtear na litreacha A R H. P L E Č N I K leis an íomhá. Tá na litreacha sin ionsuite san fhuinneog in ord díreach agus féadtar iad a léamh go meafarach mar shíniú an ailtire, a thaispeántar ina shaothar féin. Tá na litreacha i mbearnaí doimhne san fhuinneog agus féadtar iad a thuiscint (i dteanga an ailtire Plečnik) mar idirghabhálacha spásúla ailtireachta, mar bhéimeanna, a cuireadh isteach in aghaidh an fhoirgnimh nó mar rudaí a dearadh go geoiméadrach. Tugtar léiriú spáis sa saothar iomlán lena léirítear flúirse smaointe an ailtire. Tá sé dírithe ar an bpríomhcholún, a bhfuil ról aige spás an bhoinn a mharcáil agus an cóimheas a shocrú taobh lasmuigh – taobh laistigh nó chun tosaigh – ar chúl, is é sin ceann de na nósanna coitianta a bhíodh ag Plečnik agus spás á dhearadh aige. Leis sin, déantar mionsamhail spásúil as an saothar, spás laistigh de spás, atá ilsrathach agus mistiúil. Ag an mbun, feictear an inscríbhinn "JOŽE PLEČNIK". Feictear an bhliain "1872" ar chlé, scríofa go hingearach. Feictear an tír is eisitheoir "SLOVENIJA" ar dheis, scríofa go hingearach, agus an bhliain eisiúna "2022" thíos faoi sin.

Taispeántar 12 réalta bhratach an Aontais ar fháinne amuigh an bhoinn.

**Líon na mbonn atá le heisiúint**: 1 000 000

**Dáta eisiúna**: Eanáir 2022

---

([1]) Féach IO C 373, 28.12.2001, lgh. 1 le haghaidh aghaidh náisiúnta na mbonn uile a eisíodh in 2002.

([2]) Féach conclúidí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 10 Feabhra 2009 agus an Moladh ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le haghaidh náisiúnta agus eisiúint bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (IO L 9, 14.1.2009, lgh. 52).

## Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht

(2022/C 145/08)




*Aghaidh náisiúnta an bhoinn nua chomórtha 2 euro atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht agus arna eisiúint ag an nGearmáin*

Tá stádas dlíthairisceana ar fud an limistéir euro ag boinn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht. Foilsíonn an Coimisiún tuairisc ar dhearadh na mbonn nua uile chun an pobal agus na páirtithe uile a úsáideann na boinn a chur ar an eolas ([1]). I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 10 Feabhra 2009 ([2]), ceadaítear do na Ballstáit sa limistéir euro agus do thíortha a bhfuil comhaontú airgeadaíochta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le boinn euro a eisiúint, ceadaítear dóibh boinn chomórtha euro a eisiúint, boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe nach n-úsáidtear ach an ainmníocht 2-euro. Is ionann na saintréithe teicniúla a bhíonn ag na boinn sin agus na saintréithe a bhíonn ag boinn 2-euro eile, ach tá dearadh comórtha ar a n-aghaidh náisiúnta, dearadh lena mbaineann siombalachas nach beag ó thaobh an náisiúin agus na hEorpa de.

**Tír is eisitheoir**: An Ghearmáin

**Ábhar an chomórtha**: Sraith Bundeslander – Thuringia

**Tuairisc ar an dearadh**: Sa dearadh, léirítear Caisleán Wartburg, an chéad chaisleán de chuid na Gearmáine a liostaíodh mar Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO. Tá an t-ainm "THÜRINGEN" sa chuid inmheánach freisin agus cód tíre de chuid na tíre eisiúna "D" ag an mbun, tá marcáil mionta an mhionta ábhartha ("A", "D", "F", "G" nó "J") chomh maith le marcáil an ghreanadóra ar dheis agus tá an bhliain "2022" ar chlé. An t-ealaíontóir: Olaf Stoy (Rabenau).

Taispeántar 12 réalta bhratach an Aontais ar fháinne amuigh an bhoinn.

**Líon measta na mbonn atá le heisiúint**: 30 000 000

**Dáta eisiúna**: 25 Eanáir 2022

([1]) Féach IO C 373, 28.12.2001, lgh. 1 le haghaidh aghaidh náisiúnta na mbonn uile a eisíodh in 2002.

([2]) Féach conclúidí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 10 Feabhra 2009 agus an Moladh ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le haghaidh náisiúnta agus eisiúint bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (IO L 9, 14.1.2009, lgh. 52).

## Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht

(2022/C 145/09)




*Aghaidh náisiúnta an bhoinn nua chomórtha 2 euro atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht agus arna eisiúint ag an Iodáil*

Tá stádas dlíthairisceana ar fud an limistéir euro ag boinn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht. Foilsíonn an Coimisiún tuairisc ar dhearadh na mbonn nua uile chun an pobal agus na páirtithe uile a úsáideann na boinn a chur ar an eolas ([1]). I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 10 Feabhra 2009 ([2]), ceadaítear do na Ballstáit sa limistéir euro agus do thíortha a bhfuil comhaontú airgeadaíochta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le boinn euro a eisiúint, ceadaítear dóibh boinn chomórtha euro a eisiúint, boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe nach n-úsáidtear ach an ainmníocht 2-euro. Is ionann na saintréithe teicniúla a bhíonn ag na boinn sin agus na saintréithe a bhíonn ag boinn 2-euro eile, ach tá dearadh comórtha ar a n-aghaidh náisiúnta, dearadh lena mbaineann siombalachas nach beag ó thaobh an náisiúin agus na hEorpa de.

**Tír is eisitheoir**: An Iodáil

**Ábhar an chomórtha**: Comóradh 30 bliain ar bhás Giovanni Falcone agus Paolo Borsellino

**Tuairisc ar an dearadh**: I lár an dearaidh, léirítear na portráidí den bheirt bhreithiúna Iodálacha Giovanni Falcone agus Paolo Borsellino, arna spreagadh ag pictiúr de chuid Tony Gentile. Os a gcionn, feictear an inscríbhinn “FALCONE – BORSELLINO” i gcruth stua, tá na dátaí “1992 2022” thíos faoi sin, agus tá acrainm Phoblacht na hIodáile “RI” eatarthu; ar dheis, tá “R” le feiceáil, lena sainaithnítear Mionta na Róimhe; ar chlé, tá “VdS” le feiceáil, inisealacha an dearthóra Valerio de Seta.

Taispeántar 12 réalta bhratach an Aontais ar fháinne amuigh an bhoinn.

**Líon measta na mbonn atá le heisiúint**: 3 000 000

**Dáta eisiúna**: Eanáir 2022

---

([1]) Féach IO C 373, 28.12.2001, lgh. 1 le haghaidh aghaidh náisiúnta na mbonn uile a eisíodh in 2002.

([2]) Féach conclúidí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 10 Feabhra 2009 agus an Moladh ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le haghaidh náisiúnta agus eisiúint bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (IO L 9, 14.1.2009, lgh. 52).

**Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht**

(2022/C 145/10)




*Aghaidh náisiúnta an bhoinn nua chomórtha 2 euro atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht agus arna eisiúint ag Lucsamburg*

Tá stádas dlíthairisceana ar fud an limistéir euro ag boinn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht. Foilsíonn an Coimisiún tuairisc ar dhearadh na mbonn nua uile chun an pobal agus na páirtithe uile a úsáideann na boinn a chur ar an eolas ([1]). I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 10 Feabhra 2009 ([2]), ceadaítear do na Ballstáit sa limistéir euro agus do thíortha a bhfuil comhaontú airgeadaíochta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le boinn euro a eisiúint, ceadaítear dóibh boinn chomórtha euro a eisiúint, boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe nach n-úsáidtear ach an ainmníocht 2-euro. Is ionann na saintréithe teicniúla a bhíonn ag na boinn sin agus na saintréithe a bhíonn ag boinn 2-euro eile, ach tá dearadh comórtha ar a n-aghaidh náisiúnta, dearadh lena mbaineann siombalachas nach beag ó thaobh an náisiúin agus na hEorpa de.

**Tír is eisitheoir**: Lucsamburg

**Ábhar an chomórtha**: Comóradh 50 bliain ar chosaint dhlíthiúil bhratach Lucsamburg

**Tuairisc ar an dearadh**: Sa dearadh, léirítear samhail den Ard-Diúc Henri ar chlé agus bratach thrídhathach Lucsamburg ar dheis. Tá an bhliain "1972" le feiceáil os cionn na brataí agus tá an bhliain eisiúna "2022" le feiceáil thíos. Ag an mbun sa lár, léirítear ainm na tíre is eisitheoir "LËTZEBUERG".

Taispeántar 12 réalta bhratach an Aontais ar fháinne amuigh an bhoinn.

**Líon measta na mbonn atá le heisiúint**: 500 000

**Dáta eisiúna**: Eanáir 2022

---

([1]) Féach IO C 373, 28.12.2001, lgh. 1 le haghaidh aghaidh náisiúnta na mbonn uile a eisíodh in 2002.

([2]) Féach conclúidí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 10 Feabhra 2009 agus an Moladh ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le haghaidh náisiúnta agus eisiúint bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (IO L 9, 14.1.2009, lgh. 52).

# AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ

## Achoimre ar Thuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí i leith an Togra le haghaidh Rialacháin maidir le trédhearcacht agus díriú na fógraíochta polaitiúla

*(Tá téacs iomlán na Tuairime seo le fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis ar shuíomh gréasáin an MECS www. edps.europa.eu)*

(2022/C 145/11)

An 25 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún Eorpach Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trédhearcacht agus díriú na fógraíochta polaitiúla ("Togra"), mar chuid de phacáiste reachtach níos mó maidir le "Daonlathas agus Sláine na dToghchán Eorpach".

Tá sé mar chuspóir ag an Togra tacú le feidhmiú an mhargaidh aonair do sheirbhísí fógraíochta polaitiúla, chomh maith le hardchaighdeáin Eorpacha um thrédhearcacht a chur chun cinn maidir le feachtais pholaitiúla agus le toghcháin atá saor agus cothrom san Aontas Eorpach, athléimneacht na bpróiseas daonlathach san Aontas Eorpach a neartú agus an bhréagaisnéis, an ionramháil faisnéise agus an cur isteach ar thoghcháin a chomhrac.

Aithníonn an MECS go bhfuil cumarsáid pholaitiúil riachtanach do rannpháirtíocht na saoránach, na bpáirtithe polaitíochta agus na n-iarrthóirí sa saol daonlathach agus don cheart bunúsach chun saoirse cainte. Ag an am céanna, meabhraíonn sé go bhfuil na cearta agus na saoirsí sin idirspleách leis na cearta faoi Airteagal 7 den Chairt chun Meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, ar an áit chónaithe agus ar chumarsáid agus an faoi Airteagal 8 den Chairt chun sonraí pearsanta a chosaint.

Cuireann an MECS fáilte roimh aidhm an Togra rialacha comhchuibhithe a leagan síos maidir leis na hoibleagáidí trédhearcachta do sholáthraithe fógraíochta polaitiúla agus seirbhísí gaolmhara agus maidir le húsáid teicnící spriocdhírithe agus aimpliúcháin. Tá imní thromchúiseach curtha in iúl ag an MECS roimhe seo maidir leis na rioscaí suntasacha a bhaineann le fógraíocht spriocdhírithe, le déanaí ina Thuairim 1/2021 ar an Togra le haghaidh Achta um Sheirbhísí Digiteacha, agus i dTuairim 3/2018 ón MECS maidir le cúbláil ar líne agus sonraí pearsanta.

Aontaíonn an MECS gur gá na forálacha is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs na fógraíochta polaitiúla atá sa RGCS agus san EUDPR a chomhlánú. Ina leith sin, measann an MECS gur gá don Togra níos faide fós a dhéanamh agus srianta breise a chur ar phróiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs dhíriú na fógraíochta polaitiúla. I bhfianaise an iliomad rioscaí a bhaineann le fógraíocht spriocdhírithe ar líne, áitíonn an MECS ar na comhreachtóirí rialacha níos déine a bhreithniú, faoi (1) foráil a dhéanamh do thoirmeasc iomlán ar mhicríspriocdhíriú chun críocha polaitíochta; agus (2) tuilleadh srianta a thabhairt isteach ar na catagóirí sonraí a fhéadfar a phróiseáil chun críocha na fógraíochta polaitiúla, lena n-áirítear spriocdhíriú agus aimpliú, go háirithe toirmeasc ar fhógraíocht spriocdhírithe bunaithe ar rianú forleatach.

Cuireann an MECS barúlacha agus moltaí sonracha eile ar fáil sa Tuairim freisin maidir le gnéithe áirithe den Togra, amhail an gaol leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana maidir le cosaint sonraí, róil agus freagrachtaí na ngníomhaithe a bhfuil baint acu leis an bhfógraíocht pholaitiúil agus an comhar i measc na n-údarás atá freagrach as maoirseacht agus forfheidhmiú, lena n-áirítear údaráis um chosaint sonraí.

## 1. RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

1. An 25 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún Eorpach Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trédhearcacht agus díriú na fógraíochta polaitiúla ("Togra") [1].. Bhí an Togra beartaithe cheana féin sa Phlean Gníomhaíochta um Dhaonlathas Eorpach a chuir an Coimisiún i láthair i mí na Nollag 2020 [2]..

[1] COM(2021) 731 críochnaitheach.
[2] COM/2020/790 críochnaitheach https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_20_2250

2. Tá an Togra mar chuid de phacáiste reachtach níos mó maidir le “Daonlathas agus Sláine na dToghchán Eorpach”, lena n-áirítear freisin togra le haghaidh Rialacháin (athmhúnlú) maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([3])., agus dhá thogra le haghaidh Treorach (athmhúnluithe) maidir le cearta na saoránach a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh den Bhallstát sin iad i dtoghcháin Eorpacha agus i dtoghcháin bhardasacha. Chuathas i gcomhairle ar leithligh leis an MECS maidir leis na trí thogra eile.

3. Tá sé mar chuspóir ag an Togra, mar atá luaite ag an gCoimisiún, tacú le feidhmiú an mhargaidh aonair do sheirbhísí fógraíochta polaitiúla, chomh maith le hardchaighdeáin Eorpacha trédhearcachta a chur chun cinn maidir le feachtais pholaitiúla agus le toghcháin atá saor agus cothrom san Aontas Eorpach, athléimneacht na bpróiseas daonlathach san Aontas Eorpach a neartú agus an bhréagaisnéis, an ionramháil faisnéise agus an cur isteach ar thoghcháin a chomhrac, trí rialacha comhchuibhithe a leagan síos maidir leis an méid seo a leanas:

— na hoibleagáidí trédhearcachta atá ar sholáthraithe fógraíochta polaitiúla agus seirbhísí gaolmhara faisnéis a bhaineann le soláthar seirbhísí den sórt sin a choinneáil, a nochtadh agus a fhoilsiú; agus

— an úsáid de theicnící spriocdhírithe agus aimpliúcháin i gcomhthéacs fógraíochta polaitiúla a bhaineann le sonraí pearsanta a fhoilsiú, a scaipeadh nó a chur chun cinn ([4]).

4. Comhlánaíonn an Togra an togra le haghaidh an Achta um Sheirbhísí Digiteacha ('DSA') ([5]), lena n-áirítear oibleagáidí ginearálta trédhearcachta áirithe d'idirghabhálaithe ar líne maidir le fógraíocht ar líne. I gcomparáid leis an DSA, leathnaítear ann na catagóirí faisnéise atá le nochtadh i gcomhthéacs na fógraíochta polaitiúla, chomh maith le raon feidhme na soláthraithe seirbhíse ábhartha lena mbaineann. Cé go bhforchuirtear sa DSA ceanglais trédhearcachta ar ardáin ar líne, féachann an Togra le speictream iomlán na bhfoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla a chumhdach, chomh maith le soláthraithe seirbhíse ábhartha eile a bhfuil baint acu le hullmhú, socrú, cur chun cinn, foilsiú agus scaipeadh na fógraíochta polaitiúla ([6]). Ina theannta sin, tá comhlántacht agus sineirgí ag baint leis an gceanglas faoin DSA measúnuithe a dhéanamh ar rioscaí sistéamacha trí ardáin an-mhóra ar líne a eascraíonn as feidhmiú agus úsáid na gcóras chun fógraíocht a roghnú agus a thaispeáint, a bhfuil éifeachtaí iarbhír nó intuartha acu a bhaineann le próisis toghcháin ([7])..

5. An 25 Samhain 2021, d'iarr an Coimisiún ar an MECS Tuairim maidir leis an Togra a eisiúint, i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725. Chuathas i gcomhairle go neamhfhoirmiúil leis an MECS freisin le linn phróiseas ullmhúcháin an Togra, agus chuir sé a thuairimí neamhfhoirmiúla in iúl an 10 Samhain 2021. Cuireann sé fáilte roimh an bhfíric gur lorgaíodh a thuairimí ag céim luath den nós imeachta agus spreagann sé an Coimisiún leanúint leis an dea-chleachtas seo. Tá na tuairimí agus na moltaí sa Tuairim seo teoranta do na forálacha sa Togra is ábhartha ó thaobh cosaint sonraí de.

## 4. **CONCLÚIDÍ**

51. I bhfianaise na méide thuasluaite, déanann an MECS na príomh-mholtaí seo a leanas:

— a shonrú tuilleadh go gcomhlánaíonn an Togra an GDPR agus an EUDPR agus go bhfuil sé gan dochar dá bhfeidhmiú maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs na fógraíochta polaitiúla;

— foráil a dhéanamh do thoirmeasc iomlán ar mhicri-spriocdhíriú chun críocha polaitíochta agus tuilleadh srianta ar na catagóirí sonraí a fhéadfar a phróiseáil chun críocha na fógraíochta polaitiúla a thabhairt isteach, go háirithe toirmeasc a chur ar fhógraíocht spriocdhírithe atá bunaithe ar rianú forleatach;

— soiléiriú breise a thabhairt ar róil agus ar fhreagrachtaí na ngníomhaithe a bhfuil baint acu le fógraíocht pholaitiúil lena mbaineann próiseáil sonraí pearsanta agus úsáid teicnící spriocdhírithe agus aimpliúcháin;

— soiléiriú breise a thabhairt cén gníomhaithe a bheidh freagrach as faisnéis a tharchur chuig eintitis leasmhara eile;

— tagairt a dhéanamh go sainráite do 'údaráis inniúla' agus do 'údaráis mhaoirseachta' araon in Airteagal 15(6) den Togra.

(3) COM(2021) 734 críochnaitheach

(4) Meabhrán míniúcháin, lch. 6 agus Aithris (6) den Togra *(Ba cheart don Rialachán seo aghaidh a thabhairt freisin ar úsáid teicnící spriocdhírithe agus aimpliúcháin i gcomhthéacs fógraíochta polaitiúla a bhaineann le sonraí pearsanta a fhoilsiú, a scaipeadh nó a chur chun cinn. Tá rialacha an Rialacháin seo lena dtugtar aghaidh ar úsáid spriocdhírithe agus aimpliúcháin bunaithe ar Airteagal 16 den CFAE*").. 

(5) COM (2020) 825 críochnaitheach ,https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12418-Digital-Services-Act-package-ex-ante-regulatory-instrument-of-very-large-online-platforms-acting-as-gatekeepers agus https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12417-Digital-Services-Act-deepening-the-Internal-Market-and-clarifying-responsibilities-for-digital-services

(6) Féach Meabhrán Míniúcháin, leathanaigh 3 agus 4.

(7) Idem.

An Bhruiséil, 20 Eanáir 2022

Wojciech Rafał WIEWIÓROWSKI

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.10689 – OCP GROUP / KOCH INDUSTRIES / JORF FERTILIZER COMPANY)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 145/12)

1. An 24 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— OCP S.A., ("OCP", Maracó),

— KAES Phosphate Holdings, LLC ("KAES", Stáit Aontaithe Mheiriceá), atá faoi úinéireacht indíreach Koch Ag & Energy Solutions, LLC ("KAES Parent", Stáit Aontaithe Mheiriceá), agus faoi rialú deiridh Koch Industries, Inc. ("KII", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— JORF Fertilizer Company III, S.A ("JFC III", Maracó), fochuideachta atá faoi lánúinéireacht ag OCP.

Gheobhaidh OCP agus KAES rialú comhpháirteach ar JFC III de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is táirgeoirí, soláthróirí agus dáileoirí domhanda leasachán fosfáite iad OCP agus a fhochuideachtaí (lena n-áirítear DAP, MAP, TSP, NPK agus NPS). Tá OCP gníomhach freisin in eastóscadh agus i ndíol na carraige fosfáite, agus i dtiontú na carraige sin go haigéad fosfarach, rud a dhíolann sé agus a phróiseálann sé chun leasacháin fosfáite a tháirgeadh.

— Is fochuideachta indíreach é KAES de chuid KAES Parent, faoi rialú deiridh KII, a rialaíonn punann éagsúil cuideachtaí a bhfuil baint acu leis na hearnálacha seo a leanas: scagadh agus táirgí ceimiceáin, trealamh agus teicneolaíochtaí rialaithe próisis agus truaillithe, mianraí, leasacháin, trádáil agus seirbhísí tráchtearraí, polaiméirí agus snáithíní, táirgí gloine, táirgí foraoise agus tomhaltóra, nascóirí leictreonacha, priontáil agus pacáil, bogearraí agus infheistíochtaí fiontair. Tá KII gníomhach sna hearnálacha leasacháin agus sulfair trí KAES Parent.

— Is fochuideachta de chuid OCP é JFC III a oibríonn aonad táirgthe ag gléasra táirgthe Jorf Lasfar, áit a dtáirgeann sé aigéad fosfarach agus leasacháin fosfáite – DAP, MAP, NPK, NPS agus NP.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10689 – OCP GROUP / KOCH INDUSTRIES / JORF FERTILIZER COMPANY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10218 – GAUSELMANN/GREENTUBE/JV)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 145/13)

1. An 24 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Gauselmann AG ("Gauselmann"), An Ghearmáin;

— Greentube Internet Entertainment Solutions GmbH ("Greentube"), faoi rialú Novomatic Group (tá an dá chuideachta lonnaithe san Ostair);

— Comhfhiontar nua-ionchorpraithe.

Gheobhaidh Gauselmann agus Greentube comhrialú ar chuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, ar cuideachta í atá ina comhfhiontar, atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Gauselmann: meaisíní sliotán a fhorbairt agus a dhíol, cluichí a fhorbairt le haghaidh cearrbhachais, cearrbhachas ar líne agus gealltóireachta spóirt chomh maith le hallaí cearrbhachais a oibriú, gníomhach go príomha sa Ghearmáin agus i dtíortha Eorpacha eile.

— i gcás Greentube: mar chuid den Novomatic Group, a sholáthraíonn cluichí do chearrbhachas, réitigh chearrbhachais agus seirbhísí gaolmhara mar sholáthraí seirbhíse iomlán ar fud gach codanna den tionscal cearrbhachais, gníomhach go príomha san Ostair, gníomhach i 75 tír ar an iomlán.

— i gcás na cuideachta nua-ionchorpraithe: ardán a bhunú le haghaidh cearrbhachas ar líne.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.10218 – Gauselmann/Greentube/JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA